

Cuireann Comhairle Contae Mhaigh Eo fáilte romhat agus tá súil againn go mbainfidh tú taitneamh as do chuairt go dtí an Contae álainn seo. Cuirfidh an treoir seo ar do chumas cabhrú linne aire a thabhairt do thimpeallacht speisialta, uathúil Mhaigh Eo.

## *Smaoinigh ar an dúlra*

Tá éiceachórais an chósta leochaileach agus is éasca dúinn damáiste a dhéanamh do phlandaí cósta. Na plandaí a thugann taca do na dumhcha, faigheann siad bás go tapa nuair a dhéanann daoine trampáil orthu. Is féidir le gníomhaíochtaí áirithe dochar tromchúiseach a dhéanamh, mar shampla campáil fhiáin, cóisirí móra agus cleachtaí traenála foirne. Déan iarracht cloí le conairí agus cosáin agus úsáid carrchlóis oifigiúla nuair is féidir. Má úsáideann tú beárbaiciú, coinnigh ardaithe ón talamh é leis an bhfásra a chosaint agus cinntigh go bhfuil sé go hiomlán múchta agus fuaraithe tar éis duit é a úsáid. D'fhéadfadh srianta áitiúla a bheith i gceist maidir le beárbaiciúnna agus tinte campála.

## Bain triail as 'Páirceáil agus Siúil' nó 'Páirceáil agus Rothaigh'

Tóg an bóthar níos ciúine. Déantar damáiste don timpeallacht nuair a théann na sluaite chuig na háiteanna céanna móréilimh. Smaoinigh ar chuairt a thabhairt ar chuid de sheoda ceilte Mhaigh Eo.
**www.mayo.ie/tar-ar-cuairt**

## Seirbhísí Dramhaíola

Má tá tú ag tógáil teach ar cíos, seiceáil le húinéir/bainisteoir an tí an bhfuil seirbhísí athchúrsála agus dramhaíola ar fáil.

Agus tú ag campáil, fan i láithreán cláraithe campála nuair is féidir ionas go mbeidh tú in ann rochtain a fháil ar sheirbhísí, e.g. seirbhísí dramhaíola agus dramhuisce. Tabhair cuairt ar Ionaid Fóntas Chomhairle Contae Mhaigh Eo, áit ar féidir leat an dramhaíl ó do shaoire a dhiúscairt agus a athchúrsáil – féach thall le haghaidh sonraí.

Tá bainc buidéal ar fud an chontae. Aimsigh an ceann is cóngaraí duit ag www.mywaste.ie/waste-service-locator/. Ag tréimhsí gnóthacha d'fhéadfadh go mbeadh banc buidéal lán. Má bhíonn, téigh chuig ionad eile.





## Madraí

Má bhíonn do mhadra leat ar thuras lae nó ar saoire, bíodh málaí salachair leat freisin agus glan suas i ndiaidh do pheata, go háirithe ar thránna, in áiteanna glasa agus ar chosáin. Is féidir salachar madraí a chur in aon bhosca bruscair poiblí. Caithfear madraí a choinneáil faoi smacht i gcónaí.

## Athúsáid nuair is féidir

Cuireann go leor gnólachtaí áitiúla fáilte roimh dhaoine atá ag iarraidh buidéil uisce a athlíonadh agus iarraimid ort do chupán in-athúsáidte a thabhairt leat le haghaidh deochanna le tabhairt leat agus sceanra in-athúsáidte le haghaidh béilí le tabhairt leat.

## Seirbhísí Bruscair

In áiteanna faoin tuath d'fhéadfadh nach mbeadh bosca bruscair ann i gcónaí. Iarraimid ort cuimhneamh ar an mana

**'Bíodh Meas Agat ar an Áit, Ná Fág Lorg'**



## Cá bhfuil ár nIonaid Fóntas Pobail?

**Ionad Fóntas Pobail Dhoire an Iomaire**
Caisleán an Bharraigh– Bóthar Bhaile Uí Fhiacháin (R311) – F28 TF89
[thart ar 13km ó Chaisleán an Bharraigh]

*Uaireanta Oscailte:*
Luan – Aoine 8.00 r.n. – 4.30 i.n.
Satharn 8.00 r.n. – 1.00 i.n.

---

**Ionad Fóntas Pobail Rath Ruaín**
Bothar Chill Ala, Béal an Átha (R364) – F26 TF29 [thart ar 5km ó Bhéal an Átha]

*Uaireanta Oscailte:*
Luan – Aoine 9.00 r.n. – 4.30 i.n.
(Dúnta i gcomhair lóin 12.50 i.n. – 1.30 i.n.)
Satharn 9.00 r.n. – 1.00 i.n.
Dúnta Dé Domhnaigh & Laethanta Saoire Poiblí

**Tuilleadh Eolais:**
www.maigheo.ie/comhshaol/bainistiu-dramhaiola/ionaid-fontas-pobail



**Tuilleadh eolais:**
www.mayo.ie
Fón: 094 906400

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council

The information on this leaflet is available in English on www.mayo.ie

Clóbhuailte ar pháipéar ó fhoraoiseacha atá á mbainistiú ar bhealach inbhuanaithe.



# Coinnigh Maigh Eo Fiáin agus Álainn: Treoir do Chuairteoirí

**www.mayo.ie/tar-ar-cuairt**

Comhairle Contae Mhaigh Eo
Mayo County Council